# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2015DL093 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra na Doirí Beaga |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Áislann Ghaoth Dobhair, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | F92 D60W |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse** | Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 19/02/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 34 | PM | - |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | Cigireacht na Luathbhlianta Dhún na nGall,<br>Campas Naomh Conaill,<br>Leitir Ceanainn,<br>Co. Dhún na nGall<br>F95 XK94 |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | L Mc Glynn |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | Ní bhaineann |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís réamhscoile é Naíonra na Doirí Beaga a fheidhmíonn as an mbunurlár d'áitreabh saintógtha atá lonnaithe i bpáirc ghnó i nGaoth Dobhair, baile mór ar chósta Dhún na nGall. Feidhmíonn an tseirbhís dhá sheisiún maidine óna 9.00am-12.00 agus seisiún tráthnóna amháin óna 12.15pm-3.00pm. Tá dhá sheomra réamhscoile ann agus cóiríocht sláintíochta ceangailte leo. Tá idir áiteanna faoi dhíon agus áiteanna amuigh faoin aer san áitreabh, agus tá teacht dhíreach ar na háiteanna sin ón dá sheomra réamhscoile.

## Soláthar foirne

Bhí seisear ball foirne fostaithe le hoibriú sa tseirbhís. Ní oibríonn an soláthraí cláraithe sa tseirbhís ar bhonn laethúil. Tá duine ainmnithe i bhfeighil sa tseirbhís agus ionadaí ainmnithe le feidhmiú di nuair a bhíonn sí as láthair.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas/sábháilteacht/áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt

ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo.

Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

## Buíochas

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta, as a gcomhoibriú.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

**Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht**

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*

*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i*

*gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(2) Bhí seisear daoine fásta ag obair sa tseirbhís tráth na cigireachta. Rinneadh athbhreithniú ar chomhaid ghrinnfhiosrúcháin na seisear daoine fásta mar chuid den chigireacht seo agus bhí an t-eolas seo a leanas ar fáil.

(a) (b) Dhá theistiméireacht bhailíochtaithe ó iarfhostóirí, lena n-áirítear an fostóir is déanaí nó foinse seachas iarfhostóir i gcás nach raibh fostaíocht san am a chuaigh thart i gceist ar fáil do 6 daoine fásta.

(c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do na baill foirne go léir . Léirigh an tseirbhís comhlíonadh le Fógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta a éilíonn ar sheirbhísí athnuachan a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána gach trí bliana.

(d) Ní raibh gá le doiciméadú idirnáisiúnta grinnfhiosrúcháin na bpóilíní toisc nach raibh aon duine de na daoine fásta ina gcónaí lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí agus iad ina nduine fásta.

(4) Bhí fianaise dheimhnithe ar íoscháilíocht Leibhéal 5 de chuid Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige nó a chomhionann i gcomhad seisear daoine fásta.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(3) Faoi réir alt (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Bhí an t-íoslíon iomchuí daoine fásta ag obair leis na leanaí an t-am ar fad i rith na cigireachta.

(3) Ar maidin na cigireachta, bhí seisear daoine fásta ag tabhairt aire do 34 leanbh in dhá sheomra cúraim.
Bhí 17 leanbh idir 3-4 bliana d'aois faoi chúram triúr daoine fásta i Naíonra 1.
Bhí 17 leanbh idir 3-4 bliana d'aois faoi chúram triúr daoine fásta i Naíonra 2.

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

### Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:*

*(a) ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an duine i bhfeighil agus gach fostaí eile, gach oibrí eile nach n-íoctar agus gach conraitheora eile;*

*(b) mionsonraí i dtaobh na haicme seirbhíse agus i dtaobh phróifíl aoise na leanaí a bhfuil an tseirbhís cláraithe seirbhísí a sholáthar ina leith;*

*(c) mionsonraí i dtaobh na gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí sa tseirbhís;*

*(d) an cineál cúraim nó cláir a sholáthraítear sa tseirbhís;*

*(e) na saoráidí atá ar fáil;*

*(f) na huaireanta oscailte agus na táillí;*

*(g) na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a chothabháil de réir Rialachán 10;*

*(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;*

*(i) mionsonraí i dtaobh uainchláir foirne ar bhonn laethúil;*

*(j) mionsonraí i dtaobh aon chógas a thugtar do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus toiliú sínithe ó thuismitheoir ina dteannta;*

*(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*() go ndéanfar gach doiciméad agus gach taifead a bhaineann le teistiméireachtaí agus le grinnfhiosrúchán ag an nGarda Síochána agus ag póilíní arna fháil faoi Rialachán 9(2) a choinneáil ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a thosaíonn an duine a mbaineann an doiciméad nó an taifead leis nó léi ag obair sa tseirbhís, agus*

*(b) go gcoinneofar taifead dá dtagraítear i bhfomhír (h), (j) nó (k) de mhír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh a mbaineann sé leis nó léi de bheith ag freastal ar an tseirbhís, nó i gcás seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i gcás seirbhís réamhscoile shealadach, ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.*

*(3) Beidh taifead dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh san áitreabh, agus beidh na doiciméid agus na taifid dá dtagraítear i mír (2)(a) ar fáil lena n-iniúchadh cibé acu san áitreabh nó in áit eile, ag duine údaraithe.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Bhí an fhaisnéis a éilítear i bpointí (a) go (k) ar fáil i scríbhinn sa tseirbhís.

(2) (a) (b) Dheimhnigh an duine i bhfeighil gur coinníodh an fhaisnéis i bpointe (2)(a) agus (b) sa tseirbhís ar feadh na tréimhsí ama riachtanacha.

(3) Bhí an taifead dá dtagraítear i mír (1) agus (2)(a) ar fáil san áitreabh agus ar fáil lena n-iniúchadh.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

- Bhí an príomhbhealach isteach go dtí an foirgneamh daingnithe nuair a tháinig an cigire chuig an tseirbhís agus bhí sé daingnithe i rith na cigireachta ar fad, rud a chuir cosc ar na leanaí an foirgneamh a fhágáil gan maoirsiú. Chuir ceamara agus córas dordánaí baill foirne ar an eolas faoi theacht tuismitheoirí agus cuairteoirí. Le linn na cigireachta, tugadh faoi deara go raibh rochtain isteach agus amach as an seomra réamhscoile á rialú ag an bhfoireann chun cosc a chur ar leanaí imeacht ón tseirbhís gan mhaoirseacht agus chun a chinntiú go raibh an fhoireann ar an eolas faoi chuairteoirí a bhí ag lorg rochtana ar an suíomh réamhscoile.
- Bhí cordaí na ndallóg ceangailte go daingean le gléasanna daingnithe iomchuí.
- Bhí balla seachtrach, fál daingean agus geataí mórthimpeall ar an áit spraoi lasmuigh, rud a chuir cosc ar rochtain ar áiteanna neamhshábháilte.
- Bhí an soláthar uisce te ag báisíní níocháin na leanaí a rialú go teirmeastatach ionas nach ndeachaigh sé thar an uasteorainn sábháilte 43°C.
- Bhí gach bealach amach ón tseirbhís saor ó bhac.
- Bhí dromchla ionsúcháin imbhuailte timpeall ar ar an trealamh ard san áit spraoi lasmuigh.

**Rialú Ionfhabhtuithe**

- Tugadh faoi deara go raibh an t-áitreabh, na bréagáin agus an trealamh spraoi glan agus dea-bhail orthu. Coinníodh taifid ghlantacháin seachtainiúla ina luadh na háiteanna/rudaí riachtanacha a bhí le glanadh, an mhinicíocht agus an modh a úsáideadh. Tugadh faoi deara go raibh na taifid coinnithe cothrom le dáta. Bhí ábhair agus táirgí glantacháin guaiseacha stóráilte in áiteanna nach raibh rochtain ag na leanaí orthu.
- Bhí cuisneoir ar fáil sa dá sheomra chun sneaiceanna na leanaí a raibh comhábhair ardriosca iontu a stóráil.
- Bhí na príomh-araidí stórála dramhaíola in áit shábháilte amach ó áiteanna spraoi na leanaí. Bhí boscaí bruscair troitheánacha ar fáil laistigh den seomra spraoi agus sa chóiríocht sláintíochta.
- Bhí tuáillí páipéir agus gallúnach leachtach leis na báisíní níocháin sa chóiríocht sláintíochta. Chonacthas na baill foirne ag meabhrú go séimh do na leanaí a lámha a ní go héifeachtach, go háirithe tar éis dóibh an leithreas a úsáid, ar fhilleadh dóibh ón spraoi lasmuigh agus roimh dóibh dul ag ithe.

**Dáileadh Cógas:**

- Ní raibh aon chógas stóráilte san áitreabh. Bhí beartas sa tseirbhís maidir le cógas a stóráil agus a thabhairt go sábháilte.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 25 - Garchabhair

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*

*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*

*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Bhí oiliúint gharchabhrach do leanaí curtha i gcrích ag an seisear ball foirne go léir. Bhí teastais gach ball foirne ar fáil lena n-iniúchadh agus breathnaíodh go raibh siad cothrom le dáta.

(2)(a) Bhí bosca garchabhrach feistithe go cuí ar fáil sa dá sheomra réamhscoile. Bhí na boscaí garchabhrach inaitheanta go soiléir agus bhí rochtain éasca ag an bhfoireann orthu.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(a) Bhí taifead de na druileanna dóiteáin míosúla a bhí ar siúl sa tseirbhís ar fáil agus tharla an ceann ba dhéanaí ar an 30 Eanáir 2024.<br><br>(1)(b) Cuireadh ar fáil taifead maidir le líon, cineál agus cothabháil an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh sa tseirbhís. Rinneadh an seirbhísiú deireanach ar an trealamh comhraicthe dóiteáin i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus ar na haláraim deataigh i mí na Nollag 2023.<br>(4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta aslonnaithe le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sna seomraí. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Ar fáil lena iniúchadh, bhí deimhniú árachais ina raibh sonraí an chumhdaigh do suas le 40 leanbh ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach. Ba é Samhain 2024 an dáta éaga a bhí luaite ar an deimhniú. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report

# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015DL093 |
| **Name of Service:** | Naíonra Na Doirí Beaga |
| **Address of Service:** | Aislann Ghaoth Dobhair, Páirc Gnó Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Donegal |
| **Eircode:** | F92 D60W |
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |
| **Service type:** | Sessional |
| **Date(s) of Inspection:** | 19/02/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 34 | PM | - |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Donegal Early Years Inspectorate,<br>St. Conal's Campus,<br>Letterkenny,<br>Co. Donegal.<br>F95 XK94 |
| **Inspection undertaken by:** | L Mc Glynn |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not applicable |

## Description of service

Naíonra Na Doirí Beaga is a preschool service operating from the ground floor of a purpose-built premises located in a business park in the coastal town of Ghaoth Dobhair. The service operates two morning sessions from 9.00am-12.00md and one afternoon session from 12.15pm-3.00pm. There are two preschool rooms with interconnecting sanitary accommodation. There are both sheltered and open-air outdoor areas on the premises which are directly accessible from both preschool rooms.

## Staffing

There were six staff members employed to work in the service. The registered provider does not work in the service on a daily basis. There is a named person in charge and a named deputy in their absence.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance / safety/ premises and facilities. The inspections may also focus on other areas as required.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring.

The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

## Acknowledgments

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

## Compliance Information

(2) There were six adults working in the service at the time of the inspection. The vetting files for all six adults were reviewed as part of this inspection and the following information was available.

(a) and (b) Two validated references from past employers, including the most recent employer or a source other than a past employer in cases where there was no past employment was available for six adults.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for all staff. The service also demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.

(d) International police vetting documentation was not required as none of the adults had lived outside of the State for longer than 6 months as an adult.

(4) Certification evidence of a Quality and Qualifications Ireland (QQI) minimum Level 5 qualification in Early Childhood Care and Education or equivalent was on file for six adults.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

**Compliance Information**

(1) The minimum number of adults were working with the children at all times during the inspection.

(3) On the morning of inspection there were six adults caring for 34 children in two care rooms.

In Naionra one, 17 children aged 3-4 years were being cared for by three adults.

In Naionra two, 17 children aged 3-4 years were being cared for by three adults.

| Part IV – Information and Records |
|---|
| **Regulation 16 – Record in relation to pre-school service** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of the following information in relation to the service:*<br>*(a) the name, position, qualifications and experience of the person in charge and of every other employee, unpaid worker and contractor;*<br>*(b) details of the class of service and the age profile of children for which the service is registered to provide services;*<br>*(c) details of the adult:child ratios in the service;*<br>*(d) the type of care or programme provided in the service;*<br>*(e) the facilities available;*<br>*(f) the opening hours and fees;*<br>*(g) the policies, procedures and statements the service is required to maintain in accordance with Regulation 10;*<br>*(h) details of attendance by each pre-school child on a daily basis;*<br>*(i) details of staff rosters on a daily basis;*<br>*(j) details of any medication administered to a pre-school child attending the service with signed parental consent;*<br>*(k) details of any accident, injury or incident involving a pre-school child attending the service.*<br><br>*(2) A registered provider shall ensure that-*<br>*(a) all documents and records relating to references and Garda and police vetting obtained under Regulation 9(2) are retained for a period of 5 years from the date on which the person to whom the document or record relates commences working in the service, and*<br>*(b) a record referred to in subparagraph (h), (j) or (k) of paragraph (1) is retained for a period of 2 years from the date on which the child to whom it relates ceases to attend the service, or in the case of a preschool service in a drop-in centre or of a temporary pre-school service, for a period of 2 years from the date on which the child attends the service.* |

*(3) A record referred to in paragraph (1) shall be open to inspection on the premises, and the documents and records referred to in paragraph (2)(a) shall be open to inspection whether on the premises or elsewhere, by an authorised person.*

**Compliance Information**

(1) The information required in points (a) to (k) were available in written form in the service.

(2) (a) (b) The person in charge confirmed that the information in points (2) (a) and (b) were retained in the service for the required timeframes.

(3) The record referred to in paragraph (1) and (2)(a) were available on the premises and open to inspection.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

**Compliance Information**

**General Safety:**

- The main entrance to the building was secured on the inspector's arrival to the service and remained secured throughout the inspection preventing children from leaving the building unsupervised. A camera and buzzer system alerted staff to the arrival of parents and visitors. Throughout the inspection, it was observed that access to and from the pre-school room was controlled by staff so as to prevent children from exiting the service unsupervised and ensuring staff were aware of visitors seeking access to the pre-school setting.
- Blind cords were secured with appropriate securing devices.
- The outdoor area was bordered by an external wall, secure perimeter fencing and gates preventing access to unsafe areas.
- The hot water supply at children's wash hand basins was thermostatically controlled so that it did not exceed the maximum safe limit of 43°C.
- All exit routes within the service were free from obstruction.
- Impact resistant surfacing was provided around high rise equipment in the outdoor play area.

**Infection Control:**

- The premises, toys and play equipment were observed to be clean and in a good state of repair. Weekly cleaning records were maintained with the required areas/items to be cleaned, the frequency and method used. The records were noted to be maintained up to date. Hazardous cleaning materials and products were stored in areas out of children's reach.
- A fridge for storing children's snacks which may contain high risk ingredients was available in both rooms.
- Main waste storage bins were in a secure area away from the children's play areas. Foot pedal operated bins are available within the room and the sanitary accommodation.
- The wash hand basins in the sanitary accommodation were equipped with paper towels and liquid soap. Staff were observed to provide gentle reminders to children to complete effective handwashing, particularly after using the toilet, on return from outdoor play and before eating.

**Administration of Medication:**

- There was no medication stored on the premises. There was a policy in the service on the safe storage and administration of medication.

## Part VI - Safety

### Regulation 25 - First aid

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

**Compliance Information**

(1) All six staff members had completed training in first aid for children. Certificates for each staff member were available to view and were observed to be in date.

(2)(a) A suitably equipped first aid box is provided in both preschool rooms. The first aid boxes were clearly identifiable and easily accessible to staff.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)(a) There was a record available of monthly fire drills that had taken place in the service with the most recent dated 30 January 2024.<br><br>(1)(b) A record of the number and type and maintenance of the fire-fighting equipment and smoke alarm systems were furnished. The date of last service of the fire fighting equipment was in October 2023 and the smoke alarms in December 2023.<br>(4) Notices of the evacuation procedures to be followed in the event of a fire were displayed in the rooms. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| An insurance certificate detailing cover for up to 40 preschool children attending the service on a sessional basis was available to view. The expiry date on the certificate was dated November 2024. |